# Tuarascáil bhliantúil 2022 CIE – Gluais

| Téarma | Míniú |
|---|---|
| ABAC | Córas faisnéise an Choimisiúin chun gach oibríocht bhuiséadach agus cuntasaíochta a fhorghníomhú agus chun faireachán a dhéanamh orthu. |
| Acmhainn dhílis bunaithe ar bhreisluach / bunaithe ar CBL | Acmhainn dhílis de chuid an Aontais atá comhdhéanta de sciar sainithe (glaoráta) CBL a bhailíonn gach Ballstát. |
| Acmhainn dhílis bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte | Acmhainn dhílis de chuid an Aontais atá comhdhéanta de luach airgeadúil sainithe a chuirtear i bhfeidhm maidir le meáchan na dramhaíola plaistí neamh-athchúrsáilte a ghineann gach Ballstát. |
| Acmhainn dhílis bunaithe ar OIN | Acmhainn dhílis de chuid an Aontais a íocann na Ballstáit go díreach bunaithe ar a rachmas coibhneasta a thomhaistear de réir a n-ollioncam náisiúnta. Athraíonn sé bunaithe ar an méid atá ag teastáil chun an taobh ioncaim den bhuiséad a chomhardú. |
| Acmhainn dhílis chomhardúcháin | Foinse bhreise ioncaim chun ioncam agus caiteachas bhuiséad an Aontais a chomhardú. |
| Acmhainneacht cheartaitheach | Tomhas a úsáideann an Coimisiún nuair a bhíonn leibhéal na gceartúchán a bheidh le déanamh sa todhchaí á mheas aige. |
| Acmhainní dílse | Na cistí a úsáidtear chun buiséad an Aontais a mhaoiniú. |
| Acmhainní dílse traidisiúnta (ADT) | Ioncam AE a bhailítear as dleachtanna custaim agus tobhaigh siúcra. |
| *Acquis* | Díolaim de gach dlí de chuid an Aontais, ina bhfuil reachtaíocht, cinntí cúirte agus gníomhartha dlí eile. |
| AE-13 | Na 13 Bhallstát a tháinig isteach san Aontas Eorpach ó 2004 (an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Eastóin, an Chróit, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, an |

| | |
|---|---|
| | Ungáir, Málta, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóivéin agus an tSlóvaic). |
| Ais tosaíochta | Príomhchuspóir atá i gclár oibríochtúil agus é roinnte i gceann amháin nó níos mó de thosaíochtaí infheistíochta. |
| Aischur | Iasc nach bhfuil ag teastáil a chaitheamh amach arís san fharraige. |
| An bhearna chustaim | Difríocht idir an dleacht allmhairithe a mbeifí ag dréim leis don gheilleagar ina iomláine agus an méid a bailíodh go hiarbhír. |
| An Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) | Eagraíocht idir-rialtasach muireolaíochta a bhíonn ag obair chun tuiscint eolaíoch ar riocht na bhfarraigí agus na n-aigéan agus ar úsáid inbhuanaithe na bhfarraigí agus na n-aigéan a chur chun cinn agus a chomhroinnt. |
| An Ciste Comhtháthaithe (CC) | Ciste de chuid an Aontais chun míréireachtaí eacnamaíocha agus sóisialta a laghdú san Aontas Eorpach trí infheistíochtaí a chistiú sna Ballstáit sin ina bhfuil an t-ollioncam náisiúnta in aghaidh an áitritheora níos lú ná 90 % de mheán an Aontais. |
| An Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI) | Soláthraí speisialaithe maoinithe riosca d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide san Aontas. Cuid de Ghrúpa BEI. |
| An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) | Ciste Eorpach a thacaíonn le hiascairí san aistriú chuig iascaireacht inbhuanaithe agus a thacaíonn le pobail cois cósta ó thaobh a ngeilleagair a éagsúlú. |
| An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) | Ciste de chuid an Aontais chun rannchuidiú an Aontais le cláir forbartha tuaithe a mhaoiniú. |
| An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) | Ciste arna bhunú chun tacú le hoibreoirí a cuireadh ar iomarcaíocht agus daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh lena ngníomhaíocht mar gheall ar athruithe fadtéarmacha i bpátrúin trádála domhanda. |

| | |
|---|---|
| An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) | Ciste de chuid an Aontais chun íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí a mhaoiniú, mar aon le bearta trína rialaítear na margaí talmhaíochta nó a thacaíonn le margaí talmhaíochta. |
| An Ciste Slándála Inmheánaí (ISF) | Ciste de chuid an Aontais lena dtacaítear le comhar póilíneachta agus gníomhaíocht chun coireacht a chomhrac. |
| An Ciste um Aistriú Cóir (JTF) | Ciste de chuid an Aontais a thacaíonn leis na pobail agus réigiúin is mó atá buailte ó thaobh airgeadais de ag an aistriú ionsar gheilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de. |
| An Ciste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha (IBMF) | Ciste de chuid an Aontais a thugann tacaíocht le haghaidh bainistiú teorainneacha agus trealamh rialaithe custaim. |
| An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) | Ciste de chuid an Aontais a thacaíonn le gníomhaíochtaí ó na Ballstáit chun bia agus cúnamh ábhartach eile a sholáthar do na daoine is boichte sa tsochaí. |
| An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) | Ciste AE chun tacú le comhbheartas tearmainn agus imirce a fhorbairt i measc na mBallstát, lena n-airítear bearta chun bainistiú imirce a fheabhsú. |
| An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) | Comhlacht saineolaithe atá ceaptha ag an gCoimisiún chun cabhrú le cur chun feidhme an Chomhbheartais Iascaigh. |
| An Comhbheartas Iascaigh | Creat an Aontais chun éisc agus iascaireacht a bhainistiú, atá ceaptha stoic éisc inbhuanaithe agus ioncam cobhsaí a áirithiú don phobal iascaireachta. |
| An Comhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) | An chuid de bheartas eachtrach an Aontais atá ag díriú isteach ar an acmhainneacht slándála agus cosanta. |
| An Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) | Beartas aonair aontaithe an Aontais Eorpaigh ar an talmhaíocht, ina bhfuil fóirdheontais agus raon de bhearta eile chun slándáil an tsoláthair bia a ráthú, |

| | |
|---|---|
| | chun caighdeán cothrom maireachtála a áirithiú d'fheirmeoirí an Aontais, chun forbairt tuaithe a chur chun cinn agus chun an comhshaol a chosaint. |
| An Córas Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talún (LPIS) | Bunachar sonraí den talamh talmhaíochta sna Ballstáit, a mbaintear úsáid as agus cúnamh díreach á íoc faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus sna seiceálacha incháilitheachta maidir le héilimh ó fheirmeoirí. |
| An córas Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach | Creat cuntasaíochta an Aontais le haghaidh tuairisc chórasach agus mhionsonraithe a thabhairt ar an ngeilleagar. |
| An Creat Coiteann Faireacháin agus Meastóireachta (CMEF) | Na rialacha agus nósanna imeachta chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Chomhbheartais Talmhaíochta. |
| An Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála (SEAR) | Ionstraim speisialta AE chun freagairt do chásanna éigeandála a eascraíonn ó mhórthubaistí nádúrtha, géarchéimeanna sláinte poiblí agus coimhlint armtha. |
| An Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (BMVI) | Cuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha a thacaíonn le bainistiú theorainneacha seachtracha an Aontais trí thaisteal dlisteanach a éascú agus rioscaí imirce agus slándála a chosc. |
| An Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda (NDICI-An Eoraip Dhomhanda) | Clár de chuid an Aontais faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 ina ndéantar roinnt ionstraimí gníomhaíochta seachtraí a thabhairt le chéile in aon ionstraim amháin. |
| An próiseas athbhreithnithe agus meastóireachta maoirseachta (SREP) | Measúnú riosca bliantúil ar bhainc mhóra faoi mhaoirseacht dhíreach BCE, i gcomhréir le ceithre chritéar: samhail ghnó, rialachas agus riosca, caipiteal agus leachtacht. |
| An Rialachán Airgeadais | Na rialacha a rialaíonn cén chaoi a leagtar amach agus a n-úsáidtear buiséad an Aontais, chomh maith leis na próisis ghaolmhara amhail rialú inmheánach, |

| | |
|---|---|
| | tuairisciú, iniúchóireacht agus urscaoileadh. |
| An Rialachán Omnibus | An tAthbhreithniú ar an Rialachán Airgeadais ó 2018, lena leasaítear agus lena simplítear rialacha airgeadais agus bainistiú buiséadach an Aontais. |
| An Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (rescEU) | Córas chun comhordú agus comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit a neartú ó thaobh tubaistí nádúrtha agus de dhéantús an duine a chosc, mar aon le hullmhú do thubaistí den sórt sin agus freagairt dóibh. |
| An Sásra um Aistriú Cóir (JTM) | Ionstraim an Aontais a chuireann an t-aistriú go geilleagar aeráidneodrach chun cinn agus a thacaíonn le pobail agus réigiúin a bhfuil an tionchar is mó orthu ó thaobh airgeadais de ag an aistriú sin orthu. |
| An scéim íocaíochta aonair limistéir (SIAL) | Scéim i gcomhair íocaíochtaí talmhaíochta atá bainteach le limistéar agus atá á chur i bhfeidhm i ndeich mBallstát ar bhonn idirthréimhseach, faoina bhfaigheann feirmeoirí méid caighdeánach cúnaimh in aghaidh an heicteáir. Is í scéim na híocaíochta bunúsaí atá i bhfeidhm sna Ballstáit eile go léir. |
| An Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas (CRII) | Pacáiste de bhearta chun solúbthacht a thabhairt san úsáid a bhaintear as Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa mar fhreagairt ar ráig COVID-19. |
| An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) | Sásra tacaíochta airgeadais an Aontais chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim COVID-19 a mhaolú agus téarnamh a spreagadh, agus chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le todhchaí níos glaise agus níos digití. |
| An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) | Ionstraim Eorpach a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais chun bonneagar idirnasctha inbhuanaithe a chruthú san earnáil fuinnimh, san earnáil iompair agus in earnáil na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide. |

| | |
|---|---|
| Aschur | An rud a tháirgtear nó a bhaintear amach le tionscadal, amhail cúrsa oiliúna a thabhairt i gcrích nó bóthar a thógáil. |
| Athlonnú | Dídeanaithe a aistriú ó thír ina ndearna siad iarratas ar thearmann go dtí tír eile atá toilteanach iad a ghlacadh isteach agus lonnú buan a dheonú dóibh in am trátha. |
| Bainistíocht chomhroinnte | Modh a úsáidtear chun buiséad an Aontais Eorpaigh a chaitheamh, trína ndéanann an Coimisiún tarmligean chuig an mBallstát (murab ionann agus bainistíocht dhíreach), cé gurb é an Coimisiún féin a bheidh freagrach sa deireadh. |
| Bainistíocht dhíreach | Bainistiú ar chiste nó clár AE ag an gCoimisiún amháin, murab ionann agus bainistíocht chomhroinnte nó bainistíocht indíreach. |
| Bainistiú fónta airgeadais | Bainistiú ar acmhainní de réir phrionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta. |
| Bainistiú indíreach | Modh chun buiséad an Aontais a chur chun feidhme trína ndéanann an Coimisiún cúraimí cur chun feidhme a chur ar iontaoibh eintiteas eile (amhail tíortha nach bhfuil san Aontas agus eagraíochtaí idirnáisiúnta). |
| Banc nó institiúid náisiúnta le haghaidh spreagadh | Institiúid airgeadais atá curtha ar bun ag an rialtas chun maoiniú a sholáthar le haghaidh forbairt eacnamaíoch. |
| Barainneacht | Acmhainní a chur ar fáil luath go maith, agus na hacmhainní sin a bheidh sách líonmhar, ar cháilíocht iomchuí agus ar an bpraghas is fearr. |
| Beart margaidh | Idirghabháil phoiblí sna margaí talmhaíochta chun na héifeachtaí atá ag titim i bpraghsanna agus deacrachtaí struchtúracha a mhaolú trí thacaíocht earnáilsonrach (e.g torthaí agus glasraí, fíon, bainne scoile). |

| | |
|---|---|
| Bliantúlacht | Prionsabal buiséadach trína gcaitear an t-airgead sa bhuiséad a bhailiú agus a chaitheamh laistigh den bhliain airgeadais lena mbaineann sé. |
| Bonn CBL / bonn measúnaithe CBL | Luach iomlán earraí agus seirbhísí a bhfuil CBL á fheidhmiú ina leith. |
| Bratchlár | Clár den Ionstraim Eorpach Chomharsanachta faoina ndéantar cistí a leithdháileadh ar roinnt tíortha a chomhlíonann coinníollacha áirithe, agus é sin mar fhorlíonadh ar a gcuid leithdháiltí airgeadais bunúsacha. |
| Breisíocht | An prionsabal go gcaithfidh cistiú ón Aontas, go háirithe trí chistí SIE, a bheith sa bhreis ar chaiteachas náisiúnta seachas é a bheith ag teacht ina ionad. |
| Brú amach | Éifeacht eacnamaíoch trína mbíonn méadú i gcaiteachas ón rialtas ina chúis le ísliú in infheistíocht phríobháideach. |
| Brú iascaireachta | An tionchar atá ag an iascaireacht ar na pobail éisc. |
| Bunachar sonraí Arachne | Uirlis mianadóireachta sonraí atá forbartha ag an gCoimisiún chun tacaíocht a thabhairt d'údaráis bhainistithe maidir le cistí SIE a riar agus a bhainistiú. |
| Caibidil idirbheartaíochta | Ceann de na réimsí fócais san *acquis* ó thaobh na gcaibidlíochtaí aontachais le tíortha is iarrthóir. |
| Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISA(nna)) | Na caighdeáin iniúchóireachta airgeadais atá eisithe ag Cónaidhm Idirnáisiúnta na gCuntasóirí. |
| Cáin bhreisluacha (CBL) | Cáin indíreach tomhaltais a ghearrtar ar tháirgeadh agus dáileadh earraí agus ar sholáthar seirbhísí, agus arb é an tomhaltóir deiridh a íocann an cháin sin i ndeireadh na dála. |
| Calaois | Meabhlaireacht intinneach agus neamhdhleathach a dhéanamh chun buntáiste ábharthach a ghnóthú trí |

| | |
|---|---|
| | mhaoin nó airgead a choinneáil ó pháirtí eile. |
| CBL inghnóthaithe | CBL is féidir le duine inchánach a asbhaint as CBL atá iníoctha leis na húdaráis chánach, mar gheall go bhfuil an méid sin íoctha cheana ar na hearraí agus seirbhísí a cheannaigh siad féin. |
| Ceartúchán airgeadais | Beart chun an buiséad a chosaint ó chaiteachas neamhrialta nó calaoiseach trí chistí a tharraingt siar nó a ghnóthú mar chúiteamh ar íocaíochtaí a rinneadh go hearráideach le tionscadail nó cláir atá ag fáil tacaíocht ón Aontas. |
| Cinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear | Cinneadh lena mbunaítear comhpháirtíocht idir an tAontas agus a thíortha agus críocha thar lear chun tacú lena bhforbairt inbhuanaithe agus chun luachanna agus caighdeáin an Aontais a chur chun cinn. |
| Ciste don soláthar coiteann (CPF) | Ciste a chlúdaíonn dliteanais a d'fhéadfadh éirí as ionstraimí airgeadais, as ráthaíochtaí buiséadacha agus as cúnamh airgeadais. |
| Ciste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) | Sásra tacaíochta arna sheoladh ag BEI agus ag an gCoimisiún, mar chuid den Phlean Infheistíochta don Eoraip, chun infheistíocht phríobháideach a spreagadh i dtionscadail a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don Aontas. |
| Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) | Ciste de chuid an Aontais a dhéanann comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta san Aontas a neartú trí infheistíochtaí a mhaoiniú lena laghdaítear míchothromaíochtaí idir réigiúin. |
| Ciste iontaobhais AE (EUTF) | Ciste atá á riar ag an Aontas Eorpach trína ndéantar airgead ó fhoinsí éagsúla a chomhthiomsú ar mhaithe le freagairt idirnáisiúnta ar éigeandáil nó ar ghéarchéim a mhaoiniú, go hiondúil i dtíortha i mbéal forbartha. |

| | |
|---|---|
| Ciste iontaobhais Békou | Ciste iontaobhais de chuid an Aontais atá ann chun tacú le cobhsaíocht agus atógáil i bPoblacht na hAfraice Láir. |
| Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic | Ciste iontaobhais de chuid an Aontais chun tacú le cobhsaíocht i réigiún na Saiheile (lena n-áirítear Imchuach Loch Shead), Corn na hAfraice agus Tuaisceart na hAfraice agus chun rannchuidiú le bainistiú níos fearr a dhéanamh ar imirce trí aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna bunúsacha atá leis an imirce. |
| Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) | Ciste de chuid an Aontais chun deiseanna oideachais agus fostaíochta a chruthú agus chun feabhas a chur ar an riocht ina bhfuil daoine atá i mbaol na bochtaineachta. Tá Ciste Sóisialta na hEorpa Plus tagtha ina ionad. |
| Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIEnna nó Cistí SIE) | Na cúig phríomh-chiste de chuid an Aontais a thugann tacaíocht i dteannta a chéile don fhorbairt eacnamaíoch ar fud an Aontais sa tréimhse 2014-2020: Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh. |
| Clár | An bealach a ndéantar cuspóirí beartais sonracha atá ag an Aontas a thabhairt i gcrích, go hiondúil trí thionscadail chómhaoinithe. |
| Clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI) | Clár de chuid an Aontais a thacaigh le cuspóirí fostaíochta agus cosanta/cuimsithe sóisialta i straitéis 'Eoraip 2020'. |
| Clár forbartha tuaithe (RDP) | Tacar cuspóirí agus gníomhartha ilbhliantúla náisiúnta nó réigiúnacha, arna fhormheas ag an gCoimisiún, chun beartas forbartha tuaithe an Aontais a chur chun feidhme. |
| Clár na n-eisceachtaí | Doiciméad ina gcoinnítear taifead ar aon chás inar imíodh ó na rialuithe agus nósanna imeachta atá leagtha síos, lena |

| | |
|---|---|
| | n-áirítear na cúiseanna a bhí leis sin agus an tionchar a bhí aige. |
| Clár oibríochtúil (OP) | An creat maidir le tionscadail chomhtháthaithe atá cistithe ag an Aontas a chur chun feidhme, ina léirítear na tosaíochtaí agus cuspóirí a leagtar síos i gcomhaontuithe comhpháirtíochta idir an Coimisiún agus Ballstáit aonair. |
| Clárthréimhse | An tréimhse ina ndéantar clár maidir le caiteachas an Aontais a phleanáil agus a chur chun feidhme. |
| Cnapshuim | Cineál rogha costas simplithe ina ndéantar íocaíochtaí ina n-iomláine (seachas i dtráthchodanna), mar shampla chun costais incháilithe oibríochta a aisíoc más rud é go gcuirtear gníomhaíochtaí agus/nó aschuir réamhshainithe i gcrích. |
| Cód Custaim an Aontais | An príomhphíosa reachtaíochta maidir le custaim atá ag an Aontas Eorpach. |
| Cóineasú | An próiseas a úsáideann Ballstáit atá ag iarraidh an euro a ghlacadh nuair a bhíonn siad ag obair ionsar chritéir shonracha eacnamaíochta agus rialála a chomhlíonadh. |
| Coiste Comhordúcháin Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa | Coiste sa Choimisiún ag a bhfuil an sainordú plé a dhéanamh ar chur chun feidhme na rialachán lena rialaítear na cistí struchtúracha agus infheistíochta. |
| Colún-mheasúnú | Measúnú a dhéanann an Coimisiún ar na rialacha agus nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm faoi bhainistíocht indíreach chun a áirithiú go dtugtar cosaint do leasanna airgeadais an Aontais ar an leibhéal céanna agus a dhéantar faoi bhainistíocht dhíreach. |
| Comhairliúchán idirsheirbhíse | Nós imeachta foirmiúil trína lorgaíonn roinn sa Choimisiún comhairle nó tuairim i dtaobh togra ó ranna eile. |
| Comhaontú comhpháirtíochta (PA) | Comhaontú idir an Coimisiún agus Ballstát nó tír nach bhfuil san Aontas i gcomhthéacs chlár caiteachais an |

| | |
|---|---|
| | Aontais, ina leagtar amach, mar shampla, pleananna straitéiseacha, tosaíochtaí infheistíochta nó téarmaí a bhaineann le cúrsaí trádála nó soláthar cúnaimh forbartha. |
| Comhaontú Cotonou | Conradh idir an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát, ar thaobh amháin, agus tíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, ar an taobh eile, trína ndéantar forbairt eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha, síocháin agus slándáil, agus timpeallacht pholaitiúil chobhsaí agus dhaonlathach a chur chun cinn. |
| Comhaontú ranníocaíochta | Comhaontú idir an Coimisiún agus eagraíocht a dhéanann gníomhaíocht a chur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach agus a bhfuil sé léirithe ag an eagraíocht sin go bhfuil sí in ann cistí a bhainistiú ar an leibhéal céanna leis an gCoimisiún. |
| Comhaontú tarmligin | Comhaontú a thugtar i gcrích le daoine aonair nó eintitis, i réimsí beartais áirithe, ar mhaithe le cistí ón Aontas a chur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach. |
| Comhchúnamh chun Tacú le Tionscadail i Réigiúin na hEorpa (JASPERS) | Comhpháirtíocht cúnaimh theicniúil idir an Coimisiún Eorpach, an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha, a chuireann comhairle neamhspleách ar fáil do thíortha tairbhíocha i dtaca le tionscadail a bheidh á meas le haghaidh chómhaoiniú an Aontais a ullmhú. |
| Comhéifeacht Gini | Tomhas ar mhéid an éagothromais atá i bpobal staitistiúil, amhail cé chomh mór atá saibhreas tíre nó dáileadh ioncaim sa tír ag claonadh ó dháileadh atá go hiomlán cothrom. |
| Comhghnóthas | Comhlacht de chuid an Aontais atá bunaithe le comhpháirtí chun tionscadal nó gníomhaíocht a dhéanamh sa réimse taighde agus teicneolaíochta. |
| Comhlacht deimhniúcháin | I gcás caiteachas talmhaíochta, eintiteas poiblí nó príobháideach arna ainmniú ag |

| | |
|---|---|
| | Ballstát chun beachtas chuntais bhliantúla gníomhaireachta íocaíochta creidiúnaithe a dheimhniú, mar aon le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo. |
| Comhlacht idirmheánach | Eagraíocht – amhail comhlacht náisiúnta poiblí nó príobháideach, eagraíocht neamhrialtasach nó gníomhaireacht dhíláraithe de chuid an Aontais – atá ceaptha chun cistiú ón Aontas a riar faoi bhainistíocht indíreach nó chomhroinnte. |
| Córas comhtháite riaracháin agus rialaithe (IACS) | Sásra de chuid an Aontais a bhíonn in úsáid ag Ballstáit chun íocaíochtaí arna ndéanamh le feirmeoirí faoin gComhbheartas Talmhaíochta a bhainistiú agus a sheiceáil. |
| Córas ginearálta coinníollachta | Córas faoina gcaithfidh Ballstát cloí leis an smacht reachta chun cistiú a fháil ón Aontas. |
| Costais dhíreacha | Speansais a thabhaíonn tairbhí, ar speansais iad atá nasctha go sonrach le tionscadal nó gníomhaíocht de chuid an Aontais. |
| Costais indíreacha | Speansais a thabhaíonn tairbhí agus nach bhfuil nasctha go díreach le tionscadal nó gníomhaíocht Eorpach, amhail forchostais nó costais riaracháin eile. |
| Costas aonaid caighdeánach | Praghas réamhshainithe le haghaidh cainníocht shonrach gníomhaíochtaí, ionchur, aschur nó torthaí. |
| Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) | Plean caiteachais an Aontais trína socraítear tosaíochtaí (bunaithe ar chuspóirí beartais) agus uasteorainneacha, faoi sheacht bpríomh-cheannteideal, agus a mhaireann seacht mbliana go hiondúil. Sin é an struchtúr faoina ndéantar buiséid bhliantúla an Aontais a leagan síos, agus cruthaíonn sé teorainn ar an gcaiteachas i ngach catagóir chaiteachais. |
| Creat comhchoiteann bainistíochta riosca (CRMF) | Creat le haghaidh rialuithe custaim ag na Ballstáit, bunaithe ar fhaisnéis i dtaobh |

| | |
|---|---|
| | rioscaí a mhalartú agus ar anailís i measc riaracháin chustaim. |
| Creat-Chomhaontú Airgeadais agus Riaracháin (FAFA) | Comhaontú idir an Coimisiún agus na Náisiúin Aontaithe lena rialaítear comhar eatarthu maidir le Spriocanna Forbartha na Mílaoise. |
| Cúlchiste Coigeartaithe Brexit | Ciste chun cuidiú leis na Ballstáit, na réigiúin agus na tionscail is mó a rinne tarraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas difear dóibh déileáil leis na hiarmhairtí díobhálacha a bhain leis. |
| Cúlchiste feidhmíochta | Méid den bhuiséad atá leithdháilte le haghaidh caiteachas faoi Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa agus a choinnítear siar go dtí go mbeidh spriocanna áirithe comhlíonta. |
| Cumhacht ceannaigh | An luach atá ag méid sonrach airgid, sloinnte i dtéarmaí chainníocht na n-earraí agus na seirbhísí a d'féadfadh sé a cheannach. |
| Cúnamh díreach / íocaíocht dhíreach | Íocaíochtaí tacaíochta, cúnamh a bhaineann le limistéar talún den chuid is mó, a dhéantar go díreach le feirmeoirí faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta. |
| Cúnamh macrairgeadais | Saghas cúnamh airgeadais a thugann an tAontas Eorpach do thíortha comhpháirtíochta a bhfuil deacrachtaí acu le comhardú na n-íocaíochtaí nó a bhfuil deacrachtaí buiséadacha acu. |
| Cúnamh Solúbtha do Chríocha (FAST-CARE) | Síneadh ar an nGníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE) lena dtugtar tacaíocht agus solúbthacht bhreise i gcistiú an bheartais comhtháthaithe. |
| Cúnamh teicniúil | Tacaíocht airgeadais a chabhraíonn le páirtithe leasmhara cláir agus tionscadail atá á gcistiú ag an Aontas a chur chun feidhme. |

| | |
|---|---|
| Cuntais chomhdhlúite | Cuntais institiúidí, ghníomhaireachtaí agus chomhlachtaí uile an Aontais agus iad tugtha le chéile agus curtha i láthair in aon doiciméad amháin. |
| Cuntasaíocht ar bhonn fabhraithe | Cur chuige cuntasaíochta a thugann aitheantas don ioncam nuair a thuillltear é (seachas nuair a fhaightear é) agus do speansais nuair a thabhaítear iad (seachas nuair a íoctar iad). |
| Cur chuige barúlach | Cur chuige a úsáideann an Coimisiún lena ndéantar ranníocaíochtaí ón Aontas chuig tionscadail ildeontóirí a chomhthiomsú leo sin ó dheontóirí eile agus gan na ranníocaíochtaí sin a chur i leataobh le haghaidh míreanna sonracha caiteachais. |
| Dea-stádas comhshaoil | Ardchaighdeán folláine, bithéagsúlachta, táirgiúlachta agus inbhuanaitheachta fhadtéarmaí sna farraigí agus sna haigéin. |
| Deimhniú maidir leis na ráitis airgeadais (CFS) | Doiciméad lena ndeimhnítear incháilitheacht na gcostas atá á n-éileamh ag tairbhithe ina gcuid iarrataí ar íocaíocht. |
| Deontas | Íocaíocht ó bhuiséad an Aontais le tairbhí, nach bhfuil in-aisíoctha de ghnáth. |
| Díbhoilsceoir | Uirlis staitistiúil a úsáidtear chun praghsanna stairiúla a choigeartú chun boilsciú níos déanaí a chur san áireamh ionas go bhféadfaí praghsanna a chur i gcomparáid thar am. |
| Díolachán tánaisteach | Díolachán de scaireanna ag scairshealbhóir atá ann cheana le hinfheisteoir gan athrú ar úinéireacht fhoriomlán na cuideachta. |
| Dliteanas teagmhasach | Oibleagáid íocaíochta a d'fhéadfaí a thabhú ag brath ar an toradh a bheadh ag rud éigin a tharlóidh sa todhchaí. |
| Doiciméad Inmheánach Oibre (SWD) | Doiciméad neamhcheangailteach de chuid an Choimisiúin a tháirgtear ar mhaithe le plé a dhéanamh, bíodh sé sin go hinmheánach laistigh den institiúid nó go seachtrach lasmuigh den institiúid. |

| | |
|---|---|
| Dréachtbhuiséid leasaitheacha | Togra ón gCoimisiún ar mhaithe le buiséad an Aontais a mhodhnú le linn an chur chun feidhme. |
| Dúnadh | Na cuntais airgeadais a ghabhann le clár nó ciste de chuid an Aontais a ghlanadh, tríd an iarmhéid atá dlite do Bhallstát nó do thír thairbhíoch eile a íoc, nó cistí a ghnóthú uathu. |
| Earráid | Toradh ar ríomh mícheart nó neamhrialtacht a éiríonn as neamh-chomhlíonadh ceanglas dlíthiúil agus conarthach. |
| Earráid inchainníochtaithe | I dtuairisciú na dtorthaí ar thástáil idirbhirt, aicmiú a úsáideann an Chúirt Iniúchóirí nuair is féidir an méid d’idirbheart a ndéanann earráid difear dó a thomhas. |
| Eatramh muiníne | Tomhas staitistiúil ar bheachtas na dtorthaí i sampláil a úsáidtear nuair a bhíonn an ráta earráide á mheas. |
| Éifeacht iolraitheora | Nuair atá athrú áirithe in ionchur ar leith, amhail infheistíochtaí nó ráthaíochtaí AE, ina chúis le hathrú níos mó san aschur, amhail infheistíocht iomlán. |
| Éifeachtacht | A mhéid a dhéantar na cuspóirí atá á saothrú a bhaint amach trí na gníomhaíochtaí a dhéantar. |
| Éifeachtúlacht | An ghaolmhaireacht is fearr idir na hacmhainní a úsáidtear, na gníomhaíochtaí a dhéantar agus gnóthú na gcuspóirí. |
| Eoraip na Cruthaitheachta | Clár de chuid an Aontais atá ann chun tacú le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta. |

| | |
|---|---|
| Erasmus+ | Clár de chuid an Aontais a thacaíonn le hoideachas, oiliúint, an óige agus an spórt san Eoraip, go príomha trí dheis a thabhairt do mhic léinn ollscoile staidéar a dhéanamh thar lear agus taithí a fháil thar lear. |
| EU4Health | Plean gníomhaíochta sláinte an Aontais le haghaidh 2021-2027. |
| eu-LISA | Gníomhaireacht an Aontais atá freagrach as bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais faisnéise mhórscála ar víosaí agus ar thaisteal ar fud an Aontais. |
| Faighteoir deiridh / faighteoir | Duine nádúrtha nó eintiteas dlítheanach a thairbhíonn de ghníomhaíocht atá maoinithe ag an Aontas faoi dheoidh, ar gníomhaíocht í a thionscain nó a dhéanann tairbhí de chúnamh ón Aontas. |
| Fardal OIN (GNII) | Liosta de nósanna imeachta, staitisticí agus gnéithe eile a úsáidtear chun OIN a ríomh. |
| Féarthalamh buan | Talamh talmhaíochta ina bhfástar féar agus barra foráiste luibhigh eile ar feadh tréimhse is mó ná cúig bliana i ndiaidh a chéile. |
| Feidhm íogair | Jab nó post a bhfuil méid mór neamhspleáchais nó cumhachta feidhmeannachta ag gabháil leis, a fhágann go bhféadfaí mí-úsáid a bhaint as chun buntáiste airgeadais pearsanta nó buntáiste eile a ghnóthú. |
| Feidhmíocht | Tomhas ar cé chomh maith atá na cuspóirí comhlíonta ag gníomhaíocht, tionscadal nó clár atá maoinithe ag an Aontas agus cé chomh maith atá luach ar airgead curtha ar fáil. |
| Fianú | An cur chuige a úsáidtear nuair a bhíonn dearbhú iniúchóireachta á thabhairt ar fhaisnéis airgeadais, ar shonraí eile nó ar aon mhaíomh sonrach atá ullmhaithe ag an iniúchaí. |

| | |
|---|---|
| Fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) | Sainmhíniú ar bhonn méide a úsáidtear i gcás cuideachtaí agus eagraíochtaí eile, bunaithe ar an líon foirne atá fostaithe acu agus ar chritéir airgeadais áirithe. Bíonn níos lú ná 50 ball foirne i bhfiontair bheaga, agus ní bhíonn an láimhdeachas nó iomlán an chláir comhardaithe níos mó ná €10 milliún. Bíonn níos lú ná 250 ball foirne fostaithe i bhfiontair mheánmhéide, agus bíonn láimhdeachas suas le €50 milliún acu nó iomlán an chláir comhardaithe suas le €43 mhilliún. |
| Fís 2020 | Clár taighde agus nuálaíochta an Aontais do thréimhse 2014-2020. |
| Fís Eorpach | Clár taighde agus nuálaíochta an Aontais do thréimhse 2021-2027. |
| Forbairt inbhuanaithe | Cur chuige i leith na forbartha a bhfuil lán-aird aige ar riachtanais fhadtéarmacha, amhail buanfas na dtorthaí, caomhnú an chomhshaoil agus acmhainní nádúrtha, agus cothromas sóisialta agus eacnamaíoch. |
| Forchoimeádas | Laige a dtarraingíonn an t-ardstiúrthóir aird uirthi sa ráiteas dearbhaithe a sholáthraítear sa tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí. |
| Forchoimeádas CBL | Forchoimeádas i dtaobh an ríomha a dhéanann Ballstát ar a acmhainn dhílis atá bunaithe ar CBL. |
| Forchoimeádas OIN | Fógra maidir le hathrú is gá a dhéanamh ar ghné den mhodheolaíocht a chuireann Ballstát i bhfeidhm chun a fhigiúirí OTI a thiomsú. |
| Forchoimeádas trasnach | Cineál forchoimeádais OIN a bhaineann le saincheist tras-rannach agus a éilíonn anailís chomparáideach ar na réitigh a bhfuil Ballstáit tar éis glacadh leo. |
| Forléargas ar fheidhmíocht na gclár (PPO) | Iarscríbhinn a ghabhann leis an AMPR ina dtugtar achoimre ar gach ceann de ráitis an chláir, lena n-áirítear rogha de tháscairí an chláir. |

| | |
|---|---|
| Frontex | Gníomhaireacht an Aontais um an ngarda teorann agus cósta. |
| Gabháil iomlán incheadaithe | An t-uasmhéid is féidir a ghabháil as stoc éisc gach bliain faoin gComhbheartas Iascaigh. |
| Gealltanais le híoc | Suim na ngealltanas atá déanta ach nach bhfuil aistrithe isteach ina n-íocaíochtaí go fóill. |
| Gealltanas | Méid atá curtha i leataobh sa bhuiséad chun mír shonrach caiteachais a chistiú, amhail conradh nó comhaontú deontais. Ní foláir go mbeadh leithreasú faoi chomhair gealltanais ina bhonn le gealltanas. |
| Gealltanas agra-chomhshaoil-aeráide | Aon cheann de thacar de chleachtais roghnacha a théann níos faide ná na gnáthcheanglais chomhshaoil agus a thugann teideal d'fheirmeoirí ar íocaíocht as buiséad AE. |
| Glanráta soláthair | An cion de dhliteanais féideartha a chaithfear a chlúdach leis an gciste don soláthar coiteann. |
| Glaoráta CBL / Ráta glaoite isteach CBL | Céatadán a chuirtear i bhfeidhm ar bhonn measúnaithe CBL gach Ballstáit chun an acmhainn dhílis bunaithe ar CBL a ríomh. |
| Glasú | Cleachtais talmhaíochta a théann chun tairbhe don aeráid agus don chomhshaol a ghlacadh. Úsáidtear é seo go minic freisin chun tagairt a dhéanamh don scéim tacaíochta Eorpach a bhaineann leis na cleachtais sin. |
| Gníomhaíocht an Aontais | I gcomhthéacs an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht – tionscnamh a bhfuil roinnt Ballstát páirteach ann nó a bhfuil leas ar leith ann don Aontas. |

| | |
|---|---|
| Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE) | Sásra chun cistí a ath-leithdháileadh go tapa ionas go bhféadfadh Ballstáit agus réigiúin tacaíocht éigeandála a sholáthar do dhaoine atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin. |
| Gníomhaíocht sheachtrach | Gníomhaíochtaí Eorpacha a thugann cúnamh do thíortha lasmuigh den Aontas, agus a fhorbraíonn an caidreamh leo, lena n-áirítear trí bhíthin comhaontuithe iltaobhacha, agus a dhéanann amhlaidh i gcás eagraíochtaí réigiúnacha nó domhanda. |
| Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) | Gníomhaireacht an Aontais a bhfuil sé de chúram uirthi a áirithiú go gcuireann na Ballstáit dlí tearmainn an Aontais i bhfeidhm i gceart agus tacú leo chun rialacha comhchoiteanna tearmainn an Aontais a chur i bhfeidhm. |
| Gníomhaireacht dhíláraithe | Comhlacht neamhspleách de chuid an Aontais atá bunaithe go ceann tréimhse neamhchinntithe mar lárionad saineolais chun cúraimí a rannchuidíonn le forbairt agus cur chun feidhme beartais Eorpaigh a dhéanamh. |
| Gníomhaireacht feidhmiúcháin | Eagraíocht atá curtha ar bun agus á bainistiú ag an gCoimisiún, go ceann tréimhse theoranta, chun cúraimí sonracha a bhaineann le cláir nó tionscadail Eorpacha a dhéanamh thar a cheann agus faoina fhreagracht. |
| Gníomhaireacht íocaíochta (PA) | Comhlacht arna cheapadh ag Ballstát chun caiteachas talmhaíochta ón Aontas Eorpach a riar. |
| Gréasán tras-Eorpach (TEN) | Líonra de bhonneagar iompair, fuinnimh nó teileachumarsáide, a bhfuil gné thrasteorann ag roinnt leis, agus a bunaíodh chun tacú le feidhmiú mhargadh aonair na hEorpa, agus an margadh aonair sin a fheabhsú, trí shaorghluaiseacht daoine, earraí agus seirbhísí a éascú. |
| Grúpa BEI | An Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta. |

| | |
|---|---|
| Iarratas geospásúil ar chabhair (GSAA) | Uirlis ar líne chun éilimh acharbhunaithe ar chúnamh talmhaíochta a thíolacadh. |
| Iarrthóir ionchasach | Tír nó críoch ar léir go bhfuil seans aici teacht isteach san Aontas amach anseo ach nach bhfuil stádas mar thír is iarrthóir deonaithe go fóill di. |
| Iascaireacht inbhuanaithe | Cleachtais iascaireachta nach n-ídíonn stoic éisc agus a bhfuil an tionchar is lú acu ar an gcomhshaol. |
| Idirbheart | Oibríocht atá taifeadta i gcuntais an Aontais, amhail íocaíocht atá déanta nó ioncam atá faighte. |
| Idirghabhálaí airgeadais | Eintiteas a ghníomhaíonn mar nasc idir bainisteoir ciste ionstraime airgeadais agus na faighteoirí deiridh. |
| Idir-inoibritheacht | Cumas atá ag córas cumarsáid a dhéanamh le córais eile agus oibriú leo, lena n-áirítear trí mhalartú sonraí. |
| Imoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta (ITER) | Tionscadal taighde idirnáisiúnta atá á reáchtáil mar chomhpháirtíocht idir an tAontas Eorpach agus tíortha éagsúla chun indéantacht eolaíoch agus theicneolaíoch imoibreora lánscála comhleá a thaisealbhadh. |
| Imréiteach (an réamh-mhaoinithe) | Próiseas trína nglacann an Coimisiún leis an gcaiteachas réamh-mhaoinithe agus lena ndéanann sé amach cá mhéad den chistiú atá fós iníoctha leis an tairbhí. |
| Imréiteach comhréireachta | An próiseas trína bhfíoraíonn an Coimisiún an bhfuil úsáid cheart bainte ag Ballstát as na cistí airgeadais atá ar fáil dó agus an bhfuil a chuid córais bhainistíochta agus rialaithe oibrithe go héifeachtach aige. |
| Imréiteach na gcuntas | Próiseas bliantúil trína nglacann an Coimisiún leis na méideanna atá iarrtha le haghaidh íocaíochta ag comhlachtaí agus comhpháirtithe cur chun feidhme, tar éis dó seiceálacha a dhéanamh. |

| | |
|---|---|
| Infheistíocht chothromais | Airgead a dhéantar a infheistiú i gcuideachta i gcomaoin ar leas úinéireachta agus sciar den bhrabús. |
| Iniúchadh comhlíontachta | Iniúchadh lena dhéanamh amach, trí fhianaise a bhailiú, an bhfuil gníomhaíocht ag cloí leis na rialacha agus rialacháin is infheidhme agus an bhfuil sí ag cloí leis na téarmaí atá in aon chonradh nó comhaontú. |
| InvestEU | Sásra chun infheistíocht phríobháideach a spreagadh i dtionscadail a bhfuil tábhacht straitéiseach don Aontas ag baint leo. Tháinig sé i gcomharbas ar CEIS in 2021. |
| Íocaíocht eatramhach | Íocaíocht faoi thionscadal nó clár Eorpach a dhéantar a thúisce a bhíonn garsprioc atá sonraithe i gconradh nó i gcomhaontú deontais sroichte ag an tairbhí. |
| Íocaíocht réamh-mhaoiniúcháin | Airleacan airgid chun gníomhaíochtaí sainithe a chistiú i dtréimhse ar leith. |
| Ioncam (sannta) seachtrach | Ioncam ó fhoinsí seachtracha atá sannta le haghaidh críocha ar leith. |
| Ioncam fachtóra ón talmhaíocht | Ioncam ón talmhaíocht, arna mhiondealú ina chomhchodanna (talamh, saothar agus caipiteal). |
| Ioncam sannta | Cistí a íoctar isteach i mbuiséad an Aontais agus nach féidir a úsáid ach le haghaidh rud ar leith. |
| Ionchur | Na meáin airgeadais, dhaonna, ábharthacha, riaracháin nó rialála a úsáidtear chun tionscadal nó clár a chur chun feidhme. |
| Ionstraim airgeadais / ionstraim innealtóireachta airgeadais | Tacaíocht airgeadais ó bhuiséad an Aontais i bhfoirm infheistíochtaí cothromais nó cuasachothromais, iasachtaí nó ráthaíochtaí, nó ionstraimí comhroinnte riosca eile. |
| Ionstraim Corrlaigh Aonair | Ionstraim speisialta de chuid an Aontais lena gceadaítear leithreasuithe nár úsáideadh ó bhlianta roimhe nó, mar rogha deiridh, ón mbliain reatha nó ó |

| | |
|---|---|
| | bhlianta amach anseo a áireamh sa bhuiséad. |
| Ionstraim Sholúbthachta | Foinse cistithe le haghaidh gníomhaíochtaí nach bhféadfaí a chistiú ó bhuiséad an Aontais ar aon slí eile gan dul thar na huasteorainneacha caiteachais. |
| Ionstraim speisialta | Uirlis a ligeann don Aontas cistí breise a thabhairt le chéile chun freagairt do rudaí nach bhféadfaí a bheith ag súil leo, amhail géarchéimeanna agus éigeandálacha. |
| Ionstraim Tacaíochta Éigeandála (ESI) | Ionstraim airgeadais faoi bhainistíocht dhíreach an Choimisiúin chun tacaíocht a chur ar fáil laistigh den Aontas i gcás tubaiste. |
| Ionsú | A mhéid a dhéantar cistí ón Aontas atá leithdháilte chuig Ballstáit a chaitheamh ar thionscadail incháilithe; léirítear é seo go minic mar chéatadán. |
| Lamháil | An difríocht idir na teorainneacha caiteachais atá leagtha amach sa chreat airgeadais ilbhliantúil agus an uasteorainn ag a bhfuil an Coimisiún i dteideal cistí (acmhainní dílse) a iarraidh ó na Ballstáit chun oibleagáidí a éiríonn ó fhiachas an Aontais a chomhlíonadh. |
| Lárionad náisiúnta comhordúcháin (NCC) | Comhlacht a chomhordaíonn gníomhaíochtaí i measc na n-údarás sna Ballstáit a dhéanann faireachas ar theorainneacha agus a fhónann mar mhol trína bhféadfaidh siad faisnéis a mhalartú le chéile agus le Frontex. |
| Leibhéal earráide measta | Meastachán staitistiúil den leibhéal earráide a dhéanann difear do phobal, bunaithe ar thástáil a dhéanamh ar shampla ionadaíoch d'idirbhearta. |
| Leithreasú | Méid atá curtha i leataobh i mbuiséad le haghaidh rud ar leith. Tá buiséad an Aontais comhdhéanta de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí. |

| | |
|---|---|
| Leithreasú faoi chomhair gealltanais | Uasteorainn bhliantúil ar na méideanna atá ar fáil i mbuiséad an Aontais le haghaidh míreanna sonracha den chaiteachas. |
| Leithreasú faoi chomhair íocaíochta | Méid atá ar fáil chun íocaíocht a dhéanamh a thúisce a bhíonn na coinníollacha a fhreagraíonn don íocaíocht sin comhlíonta. |
| LIFE | Ionstraim airgeadais a thacaíonn le beartas comhshaoil agus aeráide an Aontais a chur chun feidhme trí thionscadail sna Ballstáit a chómhaoiniú. |
| Limistéar muirí faoi chosaint | Limistéar farraige atá ainmnithe, de réir dlí nó ar shlí eile, mar limistéar ina ndéantar bithéagsúlacht, acmhainní nádúrtha agus láithreacha oidhreachta cultúrtha a chosaint agus a chothabháil. |
| Loighic idirghabhála | Na naisc idir na cuspóirí atá ag togra, mar aon leis na hionchuir phleanáilte agus gníomhaíochtaí, agus na torthaí agus an tionchar atá beartaithe. |
| Luaiteachas dearbhaithe | Cineál iniúchóireachta as a leanann tuairim ar ábhar an iniúchta, mar shampla cé chomh beacht atá sraith de ráitis airgeadais nó rialtacht na n-idirbheart. |
| Marcóir Rio | Táscaire, arna shainiú ag ECFE, maidir lena mhéid atá gníomhaíocht ag rannchuidiú le cuspóirí choinbhinsiúin Rio. |
| Meastachán don chlár | Doiciméad, arna tharraingt suas ag tír chomhpháirtíochta agus arna fhormhuiniú ag an gCoimisiún Eorpach, ina leagtar amach an comhar nó obair fhorbartha atá le cur chun feidhme agus na hacmhainní airgeadais, daonna agus ábhair a bheidh ag teastáil. |
| Meastóireacht *ex post* | Measúnú neamhspleách ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas, ábharthacht agus breisluach Eorpach a mhéid a bhaineann le tionscadal nó clár atá tugtha chun críche. |

| | |
|---|---|
| Measúnú tionchair | Anailís ar na héifeachtaí dóchúla (*ex ante*) nó iarbhíre (*ex post*) atá ag tionscnamh beartais nó gníomh eile. |
| Meiteashonraí | Sonraí a shainíonn agus a dhéanann cur síos ar shonraí eile. |
| Mórthionscadal | Tionscadal atá maoinithe ag an Aontas lena ngabhann costas iomlán incháilithe is mó ná €50 milliún in earnáil amhail iompar, an comhshaol agus fuinneamh. |
| Nascadh | Sásra le haghaidh forbairt acmhainneachta i réimsí speisialaithe trína bhfaigheann comhlacht i dtír chomhpháirtíochta tacaíocht ó chontrapháirtí i mBallstát den Aontas. |
| Neamhrialtacht | Sárú ar rialacha an Aontais Eorpaigh (nó na rialacha ábhartha náisiúnta) nó ar oibleagáidí conarthacha. |
| NEET | Duine nach bhfuil fostaithe, nach bhfuil ag gabháil do chúrsa oideachais nó nach bhfuil faoi oiliúint. |
| NextGenerationEU (NGEU) | Pacáiste cistithe chun cabhrú le Ballstáit an Aontais téarnamh ón tionchar eacnamaíoch agus sóisialta atá ag paindéim COVID-19. |
| Nós imeachta maidir le sárú | Nós imeachta trína dtionscnaíonn an Coimisiún caingean in aghaidh Ballstát den Aontas nach gcomhlíonann a chuid oibleagáidí faoi dhlí an Aontais. |
| Nós imeachta na sáraíochta | Nós imeachta ina bpléann an Coimisiún torthaí a chuid seiceálacha rialaithe leis an gcomhlacht nó roinn a seiceáladh chun a chinntiú go bhfuil bonn fónta leis na torthaí sin. |
| Nós imeachta soláthair idirbheartaithe | Nós imeachta soláthair poiblí lena mbaineann líon srianta tairgeoirí, inar féidir leis an gceannaitheoir caibidliú a dhéanamh ar théarmaí an chonartha. |
| Nós imeachta soláthair srianta | Nós imeachta soláthair poiblí nach féidir ach le tairgeoirí roghnaithe páirt a ghlacadh iontu. |

| | |
|---|---|
| Oifigeach údarúcháin | Duine atá freagrach as an ioncam agus caiteachas atá ag comhlacht de chuid an Aontais a chur chun feidhme. |
| Ollioncam Náisiúnta (OIN) | Tomhas caighdeánach ar shaibhreas tíre, bunaithe ar ioncam ó fhoinsí baile agus ó fhoinsí eachtracha. |
| Ordú gnóthaithe | Doiciméad a éilíonn an méid atá dlite a íoc. |
| Ortafóta | Ag baint le grianghraf ón aer ina ndéantar cúiteamh le haghaidh airde, claonadh agus topagrafaíocht dromchla chun go bhféadfar tomhais den fhad slí a chomhchuibhiú. |
| Pacáiste dearbhaithe | Sraith de dhoiciméid a chuireann Ballstát faoi bhráid an Choimisiúin i ndáil le cistí SIE, ina bhfuil na cuntais bhliantúla, achoimre, tuarascáil ar rialú, dearbhú bainistithe agus tuairim iniúchóireachta. |
| *Pari passu* | An prionsabal, i bpróiseas dócmhainneachta, go ndéantar na sócmhainní atá fágtha le haghaidh dáileacháin i measc creidiúnaithe neamhurraithe a roinnt i gcomhréir leis na fiachais atá le híoc le gach creidiúnaí. |
| Plean bunaíochta | An líon uasta post atá ar fáil de réir catagóire poist agus gráid pá le haghaidh institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais. |
| Pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta (NRRPanna) | Doiciméad ina leagtar amach na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá beartaithe ag Ballstát faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. |
| Plódú isteach | Éifeacht eacnamaíoch trína mbíonn méadú i gcaiteachas ón rialtas ina chúis le méadú ar infheistíocht phríobháideach agus ar fhás. |
| Pointe oscailte ADT | Forchoimeádas atá luaite ag an gCoimisiún i dtaobh na sonraí ADT atá i gcuntais ioncaim Bhallstáit. |
| Príomhshruthú | Tosaíochtaí sonracha (e.g. comhionannas inscne, cosaint don chomhshaol) a chur |

| | |
|---|---|
| | san áireamh go córasach i ndéanamh beartais agus i gcur chun feidhme. |
| Príomhshruthú aeráide | Cúinsí a bhaineann leis an athrú aeráide a thabhairt isteach sna beartais, ionstraimí, cláir agus cistí uile. |
| Príomhtháscaire feidhmíochta (KPI) | Beart inchainníochtaithe a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid leis na príomhchuspóirí. |
| Ráiteas an chláir (PS) | Bonn cirt do na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí atá iarrtha ag an gCoimisiún le haghaidh gach clár caiteachais sa dréachtbhuiséad bliantúil, bunaithe ar an gcur chun feidhme a rinneadh sna blianta roimhe sin arna dtomhas trí tháscairí. |
| Ráiteas dearbhaithe | Ráiteas a dhéanann Ardstiúrthóir sa Choimisiún ina dtuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí i dtaobh iomláine agus chruinneas na gcuntas, i dtaobh dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin, i dtaobh fheidhmiú na gcóras rialaithe inmheánaigh agus i dtaobh cloí le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais. |
| Ráiteas dearbhaithe (SoA) | Ráiteas arna fhoilsiú i dtuarascáil bhliantúil Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, ina leagtar amach a tuairimí iniúchóireachta i dtaobh bheachtas chuntais an Aontais agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo. |
| Ráta earráide ionadaíoch | Meastachán staitistiúil den earráid a dhéanann difear do phobal, bunaithe ar thástáil a dhéanamh ar shampla ionadaíoch d'idirbhearta as an bpobal sin. |
| Ráta earráidí iarmharacha / Ráta rioscaí iarmharacha / Ráta earráidí iomlána iarmharacha (RER/RRR/RTER) | An cion den phobal nach meastar a bheith rialta tar éis an éifeacht atá ag gach nós imeachta rialaithe, gach gnóthachan agus gach ceartúchán a chur san áireamh. |
| Ráta eisíocaíochta | Céatadán d'iomlán na gcistí a íoctar amach as ionstraim airgeadais le faighteoirí deiridh. |

| | |
|---|---|
| Ráta soláthair | Céatadán de dhliteanas airgeadais údaraithe a chaitear a léiriú mar sholáthar. |
| Ráthaíocht bhuiséadach | Gealltanas go n-úsáidfear buiséad an Aontais chun cúiteamh a dhéanamh d'aon chaillteanas a thabhaítear mura gcomhlíonann an tairbhí a oibleagáid i ndáil le hiasacht nó infheistíocht chothromais. |
| Ráthaíocht don Aos Óg | Scéim de chuid an Aontais faoina ndéantar deiseanna fostaíochta nó gairmoiliúna a thairiscint do dhaoine óga laistigh de ceithre mhí ón uair a thagann siad chun bheith dífhostaithe nó ón uair a fhágann siad an córas oideachais foirmiúil. |
| r-Dheontais | Ardán ar líne an Choimisiúin chun bainistiú a dhéanamh ar dheontais taighde an Aontais i gcaitheamh a saolré. |
| REACT-EU | Clár de chuid NextGenerationEU a chuireann cistiú breise ar fáil do chláir beartais comhtháthaithe atá ann cheana chun tacú le téarnamh géarchéime, agus claochlú glas agus digiteach á chur chun cinn ag an am céanna. |
| Réimse fócais | Tosaíocht forbartha tuaithe den dara leibhéal atá ag an Aontas. |
| REPowerEU | Tionscnamh AE chun deireadh a chur le spleáchas ar bhreoslaí iontaise, soláthairtí fuinnimh a éagsúlú agus dlús a chur leis an aistriú i dtreo fuinneamh glan. |
| Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine (GBER) | Rialachán Eorpach a cheadaíonn cineálacha áirithe de bhearta státchabhrach a dhéanamh gan aon ghá fógra a thabhairt don Choimisiún ina thaobh. |
| Rialachán na bhForálacha Coiteanna (CPR) | Rialachán lena leagtar amach na rialacha is infheidhme maidir le gach ceann de chúig Chiste Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa. |

| | |
|---|---|
| Rialachán tarmligthe | Gníomh atá ceangailteach ó thaobh dlí, agus a úsáideann an Coimisiún chun codanna neamhriachtanacha de reachtaíocht an Aontais a fhorlíonadh nó a leasú; mar shampla, trí mhionsonraí a thabhairt faoi bhearta cur chun feidhme. |
| Rialtacht / Dlíthiúlacht agus rialtacht | A mhéid atá idirbheart nó gníomhaíocht ag comhlíonadh na rialacha agus rialacháin is infheidhme, mar aon le haon oibleagáidí conarthacha. |
| Rian iniúchóireachta | Sreabh de dhoiciméid a ghabhann le hidirbheart ina léirítear an chaoi a ndearnadh bundoiciméad a aistriú isteach ina iontráil chuntasaíochta, agus as sin an chaoi ar cuireadh isteach i ráitis airgeadais eintitis é. |
| Riosca braite | An baol nach mbeidh tástáil iniúchóireachta in ann earráid nó laige a bhrath. |
| Riosca iarmharach carnach | Caiteachas atá fós neamhrialta ag deireadh na clárthréimhse, tar éis gach beart ceartaitheach a bheith déanta. |
| Rogha costas simplithe (SCO) | Cur chuige chun méid deontais a dhéanamh amach trí úsáid a bhaint as modhanna ar nós costais chaighdeánacha de réir an aonaid, maoiniú cothromráta nó cnapshuimeanna seachas na costais iarbhír atá tabhaithe ag an tairbhí. Tá sé seo ceaptha an t-ualach riaracháin a laghdú. |
| Sainordú Iasachtaithe Sheachtraigh BEI | Sainordú atá tugtha ag BEI don Aontas Eorpach a ligeann don Aontas dul i mbun oibríochtaí maoinithe i dtíortha comhpháirtíochta le ráthaíocht ó bhuiséad an Aontais. |
| Sampláil atá ionadaíoch ar bhonn staidrimh de | Teicnící staitistiúla a chur i bhfeidhm chun sampla a roghnú a léiríonn na saintréithe atá ag an bpobal as ar tógadh an sampla. |
| Sampláil bhreithiúnach | I gcodarsnacht le sampláil staitistiúil, is nós imeachta é seo trína bhfeidhmíonn an t-iniúchóir a lánrogha féin ó thaobh |

| | |
|---|---|
| | míreanna a roghnú as pobal le haghaidh tástáil iniúchóireachta chun go gcomhlíonfar critéir atá réamhshainithe. |
| Sampláil de réir Aonad Airgeadaíochta (MUS) | Modh samplála staitistiúil ina bhfuil an dóchúlacht go roghnófar idirbheart ar leith i gcomhréir le méid an idirbhirt. |
| Sampláil staitistiúil | Teicníc shampláala atá bunaithe ar staidreamh agus a bhíonn in úsáid i dtástáil iniúchóireachta chun torthaí ionadaíocha a sholáthar. |
| Saoradh ó ghealltanas | Gealltanas neamhúsáidte, ina iomláine nó cuid de, a bheith cealaithe ag an gCoimisiún. |
| Saoráid idirlinne | Ionstraim trína gcinntítear leanúnachas airgeadais ó scéim maoinithe amháin de chuid an Aontais go scéim maoinithe eile. |
| Saoráid Ráthaíochta Iasachta Máistreachta Erasmus+ | Tionscnamh atá á reáchtáil ag an gCiste Eorpach Infheistíochta thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh, lena ráthaítear iasachtaí le haghaidh staidéar iarchéime thar lear, rud a fhágann níos éasca ag mic léinn é maoiniú a fháil. |
| Saoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV) | Clár a thugann cosaint do chearta agus luachanna daoine aonair, agus a chuireann na cearta agus luachanna sin chun cinn. Spreagann sé rannpháirtíocht dhaonlathach, go sonrach trí thacú le heagraíochtaí neamhrialtasacha. |
| Scéim na híocaíochta bunúsaí (BPS) | Scéim talmhaíochta de chuid an Aontais trína ndéantar íocaíochtaí le feirmeoirí bunaithe ar limistéar talún incháilithe. |
| Seiceálacha custaim iarfhuascailte / rialuithe iarfhuascailte | Seiceálacha custaim a dhéantar tar éis do na húdaráis chustaim na hearraí a fhuascailt. |
| Seiceálacha le faireachán | Sonraí satailíte a úsáid chun breathnuithe rialta ar ghníomhaíochtaí talmhaíochta a sholáthar agus chun cásanna de neamhchomhlíonadh rialacha na scéime íocaíochta dírí ag feirmeoirí a d’fhéadfadh a bheith ann a shainaithint. |

| | |
|---|---|
| Socraíocht | An t-iarmhéid atá dlite do Bhallstát a íoc nó na cistí atá dlite ar Bhallstát a ghnóthú chun clár de chuid an Aontais a dhúnadh. |
| Soghluaisteacht foghlama | Staidéar nó oiliúint i dtír eile. |
| Soláthar | Téarma cuntasaíochta don mheastachán is fearr i gcás dliteanas is dóigh a bheidh ann sa todhchaí ach nach féidir a bheith cinnte faoin uair a tharlóidh sé ná faoin méid a bheidh i gceist agus atá taifeadta sa chlár comhardaithe. |
| Soláthar poiblí | Earraí, oibreacha nó seirbhísí a bheith á gceannach ag comhlacht poiblí nó údarás eile trí nós imeachta oscailte agus iomaíoch, chun cáilíocht agus luach ar airgead a bhaint amach. |
| Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe | Na 17 sprioc a leagadh síos i gClár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe chun gníomhaíocht na dtíortha ar fad a spreagadh i réimsí atá ríthábhachtach don chabhair dhaonnúil agus don phláinéad. |
| Srathú | Modh samplála ina ndéantar pobal a roinnt i bhfoghrúpaí níos lú a bhfuil tréithe comhroinnte acu (sraitheanna). |
| Státchabhair | Tacaíocht dhíreach nó indíreach ón rialtas do ghnólacht nó eagraíocht, a fhágann go bhfuil buntáiste ag an ngnólacht nó eagraíocht sin ar iomaitheoirí. |
| Státchabhair *de minimis* | Méid den státchabhair nach dteastaíonn formheas ón gCoimisiún ina leith má tá an tsuim atá i gceist faoi bhun an mhéid sin. |
| Straitéis ‘Eoraip 2020‘ | Straitéis deich mbliana an Aontais a seoladh in 2010 chun borradh a chur faoi fhás agus chun poist a chruthú. |
| Tabhairt anonn | Na leithreasuithe den bhuiséad nár úsáideadh i mbliain airgeadais amháin a aistriú go dtí an chéad bhliain airgeadais eile, faoi réir coinníollacha áirithe. |

| | |
|---|---|
| Tacaíocht [ioncaim] dhíchúpláilte | Íocaíochtaí ón Aontas le feirmeoirí nach bhfuil nasctha le táirge ar leith a tháirgeadh. |
| Tacaíocht bhuiséadach | Aistriú díreach ar chúnamh ón Aontas chuig an státchiste náisiúnta i dtír chomhpháirtíochta, faoi réir coinníollacha áirithe. |
| Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE) | Scéim iasachtaithe de chuid an Aontais a thacaíonn le bearta chun poist a choinneáil ionas go laghdófar an dífhostaíocht agus an caillteanas ioncaim de bharr phaindéim COVID-19. |
| Tacaíocht chúpláilte | Íocaíochtaí ón Aontas le feirmeoirí as táirge ar leith a tháirgeadh. |
| Tairbhí | Duine nádúrtha nó dlítheanach a fhaigheann deontas nó iasacht ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh. |
| Tairseach ábhartha chta | Tairseach ar leith atá leagtha síos agus nuair a bhíonn earráidí atá braite i bpobal iniúchóireachta nó i sraith de ráitis airgeadais os cionn na tairsí sin meastar go ndéanann na hearráidí sin difear do chruinneas agus beachtas. |
| Táscaire toraidh | Athróg intomhaiste a thugann faisnéis is féidir a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí láithreacha ar an spriocphobal a bheidh ag tionscadail a fuair tacaíocht. |
| Tástáil struis | Ionsamhlúchán chun measúnú a dhéanamh ar chumas institiúid airgeadais déileáil le cásanna géarchéime éagsúla. |
| Tearmann | Cosaint a thugann stát do dhaoine ó thír eile atá ag teitheadh géarleanúna nó contúirt thromchúiseach. |
| Teidlíocht íocaíochta | Ceart inaistrithe a fhágann go bhfuil feirmeoir gníomhach i dteideal tacaíocht a fháil ón Aontas nuair a fhógraítear an ceart sin in éineacht le talamh talmhaíochta incháilithe. |
| Teorainn sheachtrach | Teorainn, lena n-áirítear aerfoirt agus calafoirt mhara, locha nó abhann, idir |

| | |
|---|---|
| | Ballstát den Aontas agus tír lasmuigh den Aontas. |
| Teorannú ar an scóip | A thabhairt le fios i dtuarascáil iniúchóireachta má tá aon réimse ann nach raibh an t-iniúchóir in ann teacht ar chonclúid ina thaobh agus, dá bhrí sin, atá eisiata as an tuairim iniúchóireachta. |
| Tionchar | Na hiarmhairtí fadtéarmacha atá ag tionscadal nó clár atá tugtha chun críche, a bhféadfaidís sin a bheith socheacnamaíoch, bainteach leis an gcomhshaol nó bainteach le hairgeadas. |
| Tionscnamh FBM | Ionstraim airgeadais atá eisithe go comhpháirteach ag an gCoimisiún agus ag an gCiste Eorpach Infheistíochta atá ann chun rochtain ar mhaoiniú a éascú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide. |
| Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg (YEI) | Clár de chuid an Aontais a thacaíonn le daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna i réigiúin ina bhfuil an ráta dífhostaíochta i measc daoine óga os cionn 25 %. |
| Tíortha agus Críocha Thar Lear (OCTanna) | Tíortha agus críocha nach cuid den Aontas iad ach atá nasctha go bunreachtúil le trí cinn de Bhallstáit an Aontais (an Danmhairg, an Fhrainc agus an Ísiltír). |
| Tíortha an chláir (Erasmus+) | Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Mhacadóin Thuaidh, an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua, an tSeirbia agus an Tuirc. |
| Tíortha meán-nuálaíochta agus tíortha atá ag teacht chun cinn ó thaobh nuálaíochta de (MEICanna) | Aicmiú a úsáidtear do Bhallstáit le 70-100 % (méan-nuálaíocht) nó faoi 70 % (ag teacht chun cinn) den mheánscór san Aontas ar an Scórchlár Eorpach Nuálaíochta. |
| Tír chomhtháthaithe | Ballstát den Aontas atá incháilithe le tacaíocht a fháil ón gCiste Comhtháthaithe. |

| | |
|---|---|
| Tír is iarrthóir | Tír a bhfuil a hiarratas le teacht isteach san Aontas Eorpach aitheanta go foirmiúil ag an gComhairle Eorpach. |
| Toradh | An éifeacht láithreach a bhíonn ag tionscadal nó clár nuair a thugtar chun críche é, ar nós infhostaitheacht fheabhsaithe do rannpháirtithe ar chúrsa nó inrochtaineacht fheabhsaithe tar éis bóthar nua a thógáil. |
| Toradh eacnamaíoch | Toradh don bhliain, faoi mar a chuirtear i láthair i gcuntais chomhdhlúite an Aontais é, a léiríonn an difríocht idir ioncam agus caiteachas. |
| Tras-chomhlíonadh | Sásra trína bhfuil íocaíochtaí le feirmeoirí ag brath ar cheanglais a bhaineann leis an gcomhshaol, sábháilteacht bia, sláinte agus leas ainmhithe agus bainistiú talún a bheith comhlíonta acu. |
| Trealamh cosanta pearsanta (PPE) | Nithe, amhail aghaidhmhaisc, lámhainní agus cosaint súl, atá ceaptha cosaint in aghaidh rioscaí sláinte nó sábháilteachta a thabhairt don té atá á gcaitheamh. |
| Tuairisciú airgeadais agus cuntasachta comhtháite (IFAR) | Tacar tuarascálacha a ullmhaíonn an Coimisiún ar bhuiséad an Aontais, agus a chuirtear ar aghaidh go dtí an Pharlaimint agus an Chomhairle gach bliain don nós imeachta um urscaoileadh. Tá sé comhdhéanta de Thuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht (AMPR), cuntais chomhdhlúite an Aontais, obair leantach ar an urscaoileadh agus réamhaisnéis fhadtéarmach ar bhuiséad an Aontais. |
| Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht (TBBF) | Tuarascáil a tháirgeann an Coimisiún gach bliain faoin gcaoi a mbainistíonn sé buiséad an Aontais agus na torthaí a gnóthaíodh, ag tabhairt achoimre ar an bhfaisnéis atá i dtuarascálacha bliantúla maidir le gníomhaíochtaí na n-ardstiúrthóireachtaí agus na ngníomhaireachtaí feidhmiúcháin. |
| Tuarascáil bhliantúil ar Rialú (TBR) | Doiciméad a ullmhaíonn an t-údarás iniúchóireachta i mBallstát agus a |

| | |
|---|---|
| | chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin mar chuid de phacáiste dearbhaithe bliantúla na tíre sin. |
| Tuarascáil bhliantúil maidir le Gníomhaíochtaí (TBG) | Tuarascáil a tháirgeann gach Ardstiúrthóireacht den Choimisiún, agus gach institiúid agus comhlacht den Aontas, ina leagtar amach conas a d'fheidhmigh siad i gcomparáid lena gcuspóirí agus conas a d'úsáid siad a n-acmhainní airgeadais agus daonna. |
| Uasdéine cabhrach | An méid iomlán tacaíochta is féidir a íoc le réimse cistithe, arna shloinneadh mar chéatadán de na costais incháilithe. Athraíonn an uasdéine cabhrach de réir an chláir agus bíonn sé ag brath ar thosca ar nós suíomh geografach. |
| Údaráis na gclár | An téarma comhchoiteann a úsáidtear chun tagairt do na húdaráis bhainistithe, deimhniúcháin agus iniúchóireachta atá páirteach i gcaiteachas comhtháthaithe. |
| Údarás bainistíochta (MA) | An t-údarás náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil (poiblí nó príobháideach) atá ainmnithe ag Ballstát chun clár atá cistithe ag an Aontas a bhainistiú. |
| Údarás buiséadach | Téarma a úsáidtear chun tagairt a dhéanamh do Pharlaimint na hEorpa agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh nuair a bhíonn a gcumhachtaí cinnteoireachta i dtaca le cúrsaí buiséadacha an Aontais á bhfeidhmiú acu. |
| Údarás deimhniúcháin | Comhlacht atá ainmnithe ag Ballstát chun cruinneas agus comhréireacht a dheimhniú i gcás ráitis chaiteachais agus i gcás iarrataí ar íocaíocht. |
| Údarás iniúchóireachta (AA) | Eintiteas náisiúnta neamhspleách atá freagrach as iniúchóireacht a dhéanamh ar na córais agus oibríochtaí a bhaineann le clár caiteachais de chuid an Aontais. |
| Urscaoileadh | Cinneadh bliantúil a dhéanann Parlaimint na hEorpa trína dtugtar an formheas críochnaitheach don Choimisiún as an |

| | |
|---|---|
| | gcaoi a ndearnadh buiséad a chur chun feidhme. |